AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

# LÉANN CLASAICEACH - ARDLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí sin eagraithe mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **CUID A** - An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **CUID B** - An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí **cúig cinn** de na topaicí a fhreagairt, mar seo a leanas:
**dhá** thopaic as **CUID A**;
**dhá** thopaic as **CUID B**;
an **cúigiú** topaic as **CUID A** nó as **CUID B**.

Tá 80 marc ag dul do gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 x 5) = 400.

Cuirtear fótagraif agus léarscáileanna, a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **CUID A - An Saol Gréagach** | **CUID B - An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach –Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Mícéine agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach - An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapail na hAithne. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

## CUID A

### An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Dar le hAichill, cén fáth nach raibh na hAchaeigh in ann duais eile a thabhairt d'Agaimeimneon in áit Chryseis?

(ii) Cé a d'aimsigh Eachtar "sa seomra codlata agus é ag déanamh fuadair dá chathéide fíorálainn"?

(iii) Cérbh é Astyanax? Faoi cén t-ainm eile a raibh aithne air?

(iv) Cén fáth nár ghlac Hera le mian Séas Sarpedon a thárrtháil ón gcath?

(v) Conas a fuair Andromache fios ar bhás Eachtair?

(vi) Cérbh í Iris? I Leabhar 24 den **Íliad** cén fáth ar thug sí cuairt ar Phriam? (24)

*(b)* (i) Is é scéal Patroclus dáiríre é Leabhar 16 den **Íliad**. Scríobh a scéal i d'fhocail féin. (16)

(ii) Abair gur duine den lucht caointe tú ag sochraidh Patroclus. Déan cur síos ar conas a mothaíonn tú agus abair cén fáth go mothaíonn tú mar sin. (16)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 5 den **Íliad** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

> Á rá sin di thug Aitéine lámh chúnta do Sthenelos agus tharraing amach é ó laistiar de na capaill, á bhrú síos ar an talamh - agus léim sé ar leataobh go beo. Agus ise, an bandia diongbháilte, chuaigh sí in airde ar an gcarbad le ais Diomedes dhiaga: rinne an t-acastóir darach díoscán faoin meáchan, agus an bandia eaglach agus plúr na bhfear ar iompar aige. Rug Aitéine ar an lasc agus an srian agus choinnigh na capaill fhíor-chosach díreach in aghaidh Ares i dtús báire. Bhí seisean ag nochtadh Periphas ollmhóir, an té a bh'fhearr i bhfad de na hAiteóiligh, mac breá Ochesios. Bhí Ares an dúnmharfóir á nochtadh. Ach chuir Aitéine uirthi clogad Hades dhofheicthe ionas nach bhfeicfeadh Ares í.

(i) Ón sliocht seo, cén tuairim atá agat den bhandia Aitéine? (8)

(ii) Tar éis duit an **Íliad** a léamh, luaigh ócáid eile ar iompair Aitéine í féin ar an gcaoi chéanna. (8)

(iii) Luaigh ócáid nuair a d'iompair sí í féin ar bhealach difriúil. (8)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chomhairle a chuir an staraí, Hecataeus, ar Aristagoras?

(ii) Nuair a d'éirigh na hIónaigh amach i 494 R.Ch., cad a rinne muintir na hAithne chun cabhrú leo?

(iii) I ndiaidh an chéad fheachtais chun na Gréige, cén fáth ar bhris Darius Mardonius mar cheannaire ar arm na Peirse?

(iv) Cén fáth ar ordaigh Xerxes cúig chéad buille a thabhairt do Hellespont?

(v) Nuair a bhí Xerxes ag faire ar Chath Salamis, cad a d'iarr sé ar a chuid scríobhaithe a bhreacadh síos?

(vi) Cérbh é ceannaire arm na Gréige ag Cath Plataea i 479 R.Ch?
Cén cath eile a tharla ar an lá céanna? (24)

*(b)* (i) Cén fáth a raibh sé tábhachtach bearna Thermopylae a chosaint? (8)

(ii) Dén cur síos go hachomair ar an gcath a tharla ann. (16)

(iii) An n-aontaíonn tú leis "go raibh an cath glórmhar agus laochta agus é ina thubaiste freisin"? Tabhair cúiseanna le do fhreagra (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Heireadótas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

> Bíodh a bhfuil ráite ag na Peirsigh agus ag na Féinicigh; agus níl rún ar bith agam breithiúnas a thabhairt ar an bhfírinne nó ar an mbréag a bhaineann leis. B'fhearr liom brath ar an eolas atá agam féin agus a chur in iúl cé i ndáiríre a ghortaigh na Gréagaigh den chéad uair. Mar sin rachaidh mé ar aghaidh le mo stair agus an scéal á insint agam de réir mar a imím faoi chathracha beaga chomh maith le cathracha móra. Mar formhór dóibh siúd a bhí mór tráth tá siad beag inniu; agus iad siúd a bhíodh beag tráth bhídís mór le mo linn féin. Agus a fhios agam nach seasann rath daonna i bhfad san aon áit amháin, tabharfaidh mé an aird chéanna orthu araon.

(i) I bhfianaise an ghiota seo, luaigh **dhá** rud atá foghlamtha agat faoin modh scríofa staire atá ag Heireadótas. (10)

(ii) Cén fáth a bhfuil beartaithe ag Heireadótas scríobh faoi chathracha beaga agus móra araon? (6)

(iii) Dar leatsa, an staraí maith é Heireadótas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Nuair a deireann Sócraitéas "Is teanga aduain dom teanga na háite seo," cén áit atá i gceist aige?

(ii) Ainmnigh an dráma ina "n-ardaítear Sócraitéas thart agus é ag fógairt go bhfuil sé ag siúl ar aer." Cé a scríobh an dráma seo?

(iii) Cén fáth go ndúirt Sócraitéas le Meletus go bhféadfaí scríbhinní Anaxagoras a cheannach san Aithin ar drachma?

(iv) Dar le Sócraitéas féin, cén fáth a raibh air "cloí le saol príobháideach agus an pholaitíocht a thréigean"?

(v) Cad é "an t-aon fhábhar amháin" a d'iarr Sócraitéas dá chuid mac nuair a d'fhásfaidís suas?

(vi) Conas a d'éirigh le Crito dul isteach sa phríosún ar cuairt ar Shócraitéas, fiú roimh bhreacadh an lae? (24)

*(b)* Abair gur leanúnaí óg tú de chuid Sócraitéas. Mínigh do do chara, nár bhuail riamh leis:

(i) Cén saghas duine é Sócraitéas; (12)

(ii) Cad a d'fhoghlaim tú ó Shócraitéas; (12)

(iii) An difríocht idir Sócraitéas agus múinteoirí eile. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Comhráití Shócraitéis** le Seineafón agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

SÓCRAITÉAS: Níl gá agam le hairgead agus táim saibhir mo dhóthain. Feictear dom go bhfuil tú bocht, Critoboulus, agus bíonn trua agam duit uaireanta.

CRITOBOULUS: Agus cé mhéad a rachadh do chuid maoine i ndíolachán an dóigh leat, a Shocraitéis, agus cé mhéad a rachadh mo chuid?

SÓCRAITÉAS: Bhuel, dá bhfaighinn an ceannaitheoir ceart, measaim go rachadh iomlán mo chuid maoine, mo theach san áireamh, cúig minae* go héasca. Ach táim cinnte go rachadh do chuid breis is céad uair an méid sin.

CRITOBOULUS: Mar sin féin is dóigh leat dáiríre nach bhfuil gá agat le hairgead agus tá trua agat dom i ngeall ar mo bhochtaineacht?

SÓCRAITÉAS: Sea, mar is leor mo mhaoin chun mo chuid riachtanas a shásamh. Ach fiú dá mbeadh do shaibhreas trí huaire chomh mór is atá sé, ní mheasaim go mbeadh dóthain agat chun do stíl mhaireachtála a choinneáil suas agus do cháil a chothú.

*minae = suim an-bheag airgid.

(i) Cén fáth a bhfuil trua ag Sócraitéas do Chritoboulus? (8)
(ii) Cén fáth go measann Sócraitéas é féin a bheith saibhir i gcomparáid le Critoboulus?(8)
(iii) I saol an lae inniu ar cheart go mbeadh tuairimí Shócraitéis ábharthach do dhaoine saibhre? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 4: Mícéine agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (a), (b) agus (c).

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé a mharaigh an Minotaur? Ainmnigh bean **amháin** a chuidigh leis an duine sin.

(ii) Cén fhad a chaith Odaiséas ag filleadh abhaile i ndiaidh Chogadh na Traí? Cá raibh an baile?

(iii) Cad is *tholos* ann? Ainmnigh ceann **nó** tarraing léaráid de cheann.

(iv) Conas a chuidigh Michael Ventris linn Mícéine a thuiscint?

(v) Ainmnigh **dhá** airteagal a fuair seandálaithe ag Pylos.

(vi) Cé atá léirithe i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**? Cén tábhacht a bhaineann leis an seodra atá á chaitheamh aici? (24)

*(b)* (i) Abair gur iriseoir tú atá ag cur agallaimh ar Heinrich Schliemann go gairid i ndiaidh dó "breathnú ar aghaidh Agaiméamnóin". Scríobh síos **trí** cheist ábhartha a chuirfeá ar Schliemann agus an freagra a mbeadh súil agat a fháil uaidh ar **gach** ceist. (24)

(ii) Dar leat, an n-easaontódh seandálaithe nua-aimseartha le freagra ar bith de chuid Schliemann? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

*(c)* Féach ar an bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**, a thaispeánann páirteanna de phálás Mícéineach.

(i) Ainmnigh na limistéir atá marcáilte **A** agus **B**. (8)

(ii) Déan cur síos ar an gcuma a bhíodh ar áit **B** sula scriosadh é. (8)

(iii) Cén úsáid a bhaintí as limistéar **B**? (8)

(80 marc)

**Topaic 5: Acrapail na hAithne.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén teampall ar an Acrapail a bhí coisricthe d'Aitéine agus do Phoiséadón araon?

(ii) Cén foirgneamh atá ar taispeáint i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**? Cén t-ord ailtireachta lenar tógadh é?

(iii) Ainmnigh **dhá** cheann de na scéalta a léirítear ar na Meiteoip sa Pharthenon.

(iv) De cén t-ábhar go díreach a tógadh an Parthenon? Cá bhfaighfeá ábhar cosúil leis in Éirinn?

(v) Conas a chuir Pericles an t-airgead ar fáil chun an Parthenon a thógáil?

(vi) Cén bhaint a bhí ag an dia Diniséas leis an Acrapail? (24)

*(b)* Abair gur iriseori tú a cuireadh amach chun cur síos a scríobh ar an bhFéile Mhór Phanaithneach, a tionóladh gach ceithre bliana san Aithin. Scríobh an tuairisc a chuirfeá chuig d'eagarthóir. Is féidir leat úsáid a bhaint as ábhar ar bith a bhaineann leis an scéal ach ba cheart duit trácht ar roinnt **dealbh** ar na bParthenon ar féidir leat a chur ar scannán ar eagla go dteastaíonn fianaise i bpictiúir ó d'eagarthóir. (32)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **4** ar Pháipéar **X**, ar chloch chuimhneacháin nó *stele* uaighe é, agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén tréimhse ailtireachta Gréagaí lena mbaineann an saothar seo? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(ii) Cad iad na gnéithe atá aige i gcoiteann le dealbh amháin ar bith ar an Acrapail? (8)

(iii) An maith leat an dealbh seo? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

## CUID B

### An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é Aeolus? Cén fáth ar tharraing sé trioblóid ar Aeinéas?

(ii) I Leabhar 1 den **Aeinéid**, cén fáth ar chuir Aeinéas Achates ar ais go dtí an long?

(iii) "Tá faitíos orm roimh na Gréagaigh, go háirithe nuair a thugann siad bronntanais." Cé a dúirt é sin, agus cad dó a raibh sé ag tagairt?

(iv) I Leabhar 2 den **Aeinéid**, cad a chuir cosc ar Aeinéas Héilin a mharú?

(v) Cérbh é Sychaeus? Cé a mharaigh é?

(vi) Cén fáth ar scríobh Veirgil an **Aeinéid**? (24)

*(b)* (i) Breaclínigh go hachomair na céimeanna éagsúla a bhain le forbairt an chaidrimh idir Diodó agus Aeinéas. (20)

(ii) Cé air a gcuireann tú an milleán is mó gur theip ar an gcaidreamh sa deireadh? Abair go soiléir cén fáth a gcuireann tú an milleán ar an duine sin agus tabhair **trí** chúis le do fhreagra. (12)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X**, a thaispeánann píosa dealbhóireachta a snoíadh céad bliain sula scríobh Veirgil an **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) I Leabhar 2 den **Aeinéid** cad a insíonn Veirgil dúinn faoi Laocóon? (8)

(ii) An dóigh leat go raibh Veirgil faoi thionchar ag an bpíosa dealbhóireachta nuair a bhí sé ag scríobh faoi Laocóon? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iii) I bhfianaise an fhótagraif seo, cad is dóigh leat atá suntasach faoin bpíosa dealbhóireachta? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach - Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a ndeachaigh Pleusicles go Naupactus?

(ii) "Is fear é . . . . mo mháistir atá fillte i seithe eilifinte; níl níos mó intleachta aige ná cloch." Cé a dúirt na focail sin, agus cén duine a bhí i gceist aige?

(iii) Cén duine ar moladh dó níos lú roille a ithe agus cén fáth?

(iv) Dar le Sceledrus, cé chomh cosúil lena chéile a bhí Philocomasium agus Honoria?

(v) Cén post a bhí ag Lurcio? Cé dó a raibh sé ag obair?

(vi) Cén fáth ar úsáid na haisteoirí caint ar leataoibh uaireanta sa dráma seo? (24)

*(b)* (i) "Agus anois fíoraíodh gach aisling a bhí agat, nach ea? A leithéid de chomhtharlú iontach!" Labhraíonn Palaestrio na focail seo le Philocomasium. Tabhair **dhá** shampla de chomhtharluithe sa dráma agus abair cén tábhacht a bhaineann le **gach** comhtharlú do phlota an dráma. (20)

(ii) Seachas Palaestrio agus Philocomasium, ainmnigh carachtar **amháin** agus mínigh conas a chabhraíonn sé nó sí chun an dráma a dhéanamh greannmhar. (12)

*(c)* Léigh an giota seo a leanas as **Pseudolus**, dráma eile le Plautus, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

PSEUDOLUS [*le Callipho*]: Ba mhaith liom, a dhuine uasail, más mian leat, go gcuirfeá tú féin faoi mo réir inniu, agus go gcuirfeá do chuid socruithe eile ar ceal.
CALLIPHO: Is eagal liom gur shocraigh mé go n-imeoinn faoin tuath inniu.
PSEUDOLUS: Nach bhféadfá do phlean oibre a athrú?
CALLIPHO: Maith go leor, déanfaidh mé sin. Fanfaidh mé ar mhaithe leatsa. Ní chaillfinn an comórtas seo leat ar rud ar bith. Agus má fheicim go ndiúltóidh sé an t-airgead a thabhairt duit mar a aontaíodh, tabharfaidh mé féin duit é ar eagla go dteipfeadh ar do scéim.
SIMO [*go cantlach*]: Ní loicfidh mé.
PSEUDOLUS: Cinnte ní loicfidh tú . . . [*ar leataoibh*] Má loiceann tú, cloisfidh tú faoi seo go ceann tamaill . . . Seo chuige mar sin, imígí libh beirt as an mbealach agus tabhair áit dom mo chuidse a dhéanamh.
CALLIPHO: Ceart go leor; is tú atá i gceannas.
PSEUDOLUS [*ar leataoibh le Callipho*]: Ná déan dearmad go dteastaíonn uaim tú a bheith ar fáil i do theachsa.
CALLIPHO: Beidh mé ann. [ *Téann sé isteach ina theach*.]
SIMO: Táim ag dul go dtí an baile mór. Ní bheidh mé i bhfad . . .
PSEUDOLUS: Tar ar ais chomh luath agus is mian leat . . . .
[*Don lucht éisteachta*] Ceapaim . . . go gceapann sibhse, a dhaoine uaisle, . . nach bhfuil rún ar bith agam déanamh mar a dúirt mé anois díreach go ndéanfainn . . . nach bhfuilim ag tabhairt na ngealltanas gan smaoineamh seo ach ar mhaithe le greann a thabhairt daoibh chomh fada is a sheasann an dráma. Bhuel, níl an ceart agaibh . . . Seasfaidh mé le m'fhocal.

(i) Sa **Saighdiúir Maíteach**, cé hé an carachtar is mó a bhfuil cosúlacht ag Pseudolus leis? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(ii) Sa **Saighdiúir Maíteach**, cén ócáid atá cosúil leis an radharc seo as **Pseudolus**? (8)

(iii) An gceapfadh lucht éisteachta Rómhánaí go raibh an radharc seo ó **Pseudolus** greannmhar? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 8:** **Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) I ndiaidh teacht i gcumhacht Sulla cén fáth go ndeachaigh Caesar ar a theitheadh?

(ii) Ainmnigh **beirt** de na mná céile a bhí ag Caesar.

(iii) Ainmnigh an fear ba shaibhre sa Róimh, a d'íoc fiacha Caesar sula ndeachaigh Caesar chun bóthair go dtí an Spáinn.

(iv) Le linn chonsalacht Chaesar, cén fáth go ndeachaigh Bibulus ar a theitheadh ina theach féin?

(v) Luaigh fíric shuntasach **amháin** a bhaineann le gabháil Alesia ag Caesar.

(vi) Conas a tharraing Cleopatra aird Chaesair uirthi féin den chéad uair? (24)

*(b)* (i) Tháinig Caesar, Crassus agus Pompey, a dtugtar an Chéad Triúracht orthu, go Luca i ngeimhreadh 57 – 56 R.Ch. chun comhaontú polaitiúil nua a dhéanamh. Luaigh na príomhthéarmaí a bhain leis an gcomhaontú nua. I do fhreagra, ainmnigh an duine a fuair an margadh a b'fhearr, dar leat, as an gcomhaontú nua, agus abair cén fáth a gceapann tú é sin. (16)

(ii) Mínigh go soiléir cén fáth ar theip ar an gCéad Triúracht. (16)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Julius Caesar** le Shakespeare agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

| | |
|---|---|
| **Fear Feasa:** | Seachain Íodh Márta. |
| **Caesar:** | Cén fear é sin? |
| **Brutus:** | Molann fear feasa duit Íodh Márta a sheachaint. |
| **Caesar:** | Tabhair os mo chomhair é; lig dom a aghaidh a fheiceáil. |
| **Cassius:** | Tar amach as an slua, a bhuachaill; féach ar Chaesar. |
| **Caesar:** | Cad a dúirt tú liom anois díreach? Labhair aon uair eile. |
| **Fear Feasa:** | Seachain Íodh Márta. |
| **Caesar:** | Is fear aislinge é: fágaimis é; ar aghaidh linn. |

(i) Cad ba 'fhear feasa' ann? (5)

(ii) Cérbh iad 'Íodh Márta'? (5)

(iii) De réir **Bheatha Chaesair** le Plútarc, cad iad na rabhaidh contúirte eile a fuair Caesar go raibh a bhás ag teacht? (14)

(80 marc)

**Topaic 9:** **Cathair Rómhánach - an Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé thóg ballaí Poimpé agus cad lena aghaidh?

(ii) Ainmnigh **dhá** mhórthionscal i bPoimpé.

(iii) Cén bhaint a bhí ag Plineas Sinsear le Poimpé?

(iv) Cérbh é go díreach a bhí sa *retiarius* nó fear na heangaí.

(v) Cad len aghaidh go díreach na bróga le boinn thiubha atá léirithe i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**? (24)

*(b)* Abair gur sclábhaí tú atá ina chónaí sa Phoimpé agus go bhfuil tú i mbun comhrá le cuairteoir cairdiúil ón Róimh. Scríobh síos a bhfuil á rá agaibh le chéile. Is féidir a chur san áireamh míniú ar conas a rinneadh sclábhaí díot; cur síos ar do ghnáthchúrsaí laethúla; cad leis a bhfuil súil agat san am atá ag teacht; agus aon topaic eile a bhaineann le hábhar. (32)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X**, a thaispeánann *lararium* ó Theach na Vetii i bPoimpé, agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cad ba *lararium* ann? Cá háit a mbíodh sé suite de ghnáth? (8)

(ii) Cén fhianaise a thugann le tuiscint go raibh cuid mhaith reiligiún i bPoimpé? (8)

(iii) An raibh na Rómhánaigh cairdiúil leis na luath-Chríostaithe?
Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) In arm na Róimhe cad a bhí sa díorma?

(ii) Mínigh go beacht cad é go díreach a bhí sa treabhann míleata.

(iii) Nuair a thug earcach léigiúnach mionn, luaigh ceann **amháin** de na gealltanais a thug sé.

(iv) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**?

(v) Cén cháil atá ar Hadrian maidir leis an mBreatain Rómhánach?
Cén fáth a ndearna sé é sin?

(vi) Déan cur síos go hachomair ar an 'sceallbholg' mar eagar catha. (24)

*(b)* (i) Abair gur earcach tú san arm Rómhánach. Chabhraigh tú le gairid chun dún nua a thógáil agus na seomraí cónaithe a fheistiú. Scríobh litir chuig do chara ag cur síos ar na rudaí a rinne tú **agus** ar do dhearcadh i leith na dtascanna sin. (24)

(ii) Cén fáth a mba mhaith le saoránach Rómhánach dul isteach san arm? Tabhair **dhá** chúis. (8)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **10** ar Pháipéar **X**, ar radharc ó Cholún Tráian é, agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Ar an taobh clé den phictiúr, cad atá ar iompar ag na saighdiúirí ceangailte lena gcuid bataí? (6)

(ii) Ar an taobh deas den phictiúr, cad atá ar iompar ag na saighdiúirí? (6)

(iii) Cén fáth ar tugadh "Miúileanna Marius" ar shaighdiúirí Rómhánacha? (6)

(ii) Dar leat, cén t-ainm atá ar an gcineál saighdiúra atá léirithe sa phictiúr seo? (6)

(80 marc)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002


# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

## PÁIPÉAR X

1.



2.





3.




4.




5.




6.



7.



8.



9.



10.

